



Bainisteoir Sceidil Ilardán

De bharr athrú ar struchtúr na foirne is mian le TG4 Bainisteoir Sceidil Ilardán a cheapadh a bheidh lonnaithe sa gCeannáras i nGaeltacht na Gaillimhe. Ag freagairt don Stiúrthóir Margaíochta, Forbartha & Comhpháirtíochtaí, beidh an Bainisteoir Sceidil Ilardán freagrach as sceideal ábhair ilardán TG4 a fhorbairt chomh maith le tacú le rannóga éagsúla inmheánacha, comhpháirtíochtaí agus geallsealbhóirí seachtracha.

Is fostóir comhdhiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Ról Nua

Beidh an té a cheapfar freagrach as sceideal ábhair ilardán TG4 a fhorbairt agus a bhainistiú. I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, beidh:

- Sceideal Ilardán tarraingteach, rathúil a chur i gcrích agus anailís chuí a dhéanamh ar phatrúin féachana
- Sceidealú ábhair clár, ceannacháin & closamhairc eile TG4 a bhainistiú go héifeachtach
- Clár oibre na gComhordaitheoirí Sceidil a bhainistiú
- Soláthar Fhotheidil TG4 a bhainistiú
- Treoir a thabhairt ar úsáid WhatsOn (bogearra Sceidealaithe TG4) & WhatsOn a fhorbairt i gcomhthéacs sceideal TG4
- Dualgais Rochtana agus Comhlíonta TG4 a bhainistiú le hÚdarás Craolacháin na hÉireann

Nithe atá riachtanach don phost seo:

Tiomanta d'Fhís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.

Fócas dearfach, ábalta oibriú mar chuid d'fhoireann agus taithí chruthaithe ar fhoireann a bhainistiú agus a fhorbairt.

Tuiscint ghrinn ar lucht féachana TG4 agus breithiúnas maith eagarthóireachta.

Taithí ar Anailís a dhéanamh, tuairisciú agus aiseolas a thabhairt

Taithí mhaith ar chúrsaí riaracháin agus ríomhaireachta (tuiscint den scoth ar Excel, MS Office agus ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa).

Ábalta feidhmiú go muiníneach as do stuaim féin, go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil.

Ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbeidh ábhar, a bheidh ar ardchaighdeán, réidh agus ar fáil in am.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

Is 4pm Dé Céadaoin 22ú Nollaig an spriocdháta d'iarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie.